Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 13 Samhain 2020
(OR. en)

12759/20

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2020/0175(NLE)**

ACP 139
WTO 308
COASI 134
RELEX 872

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Meitheal ACC |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 10241/20 + ADD 1 - COM(2020) 374 final |
| Ábhar: | Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gCoiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil agus Rialacha Nós Imeachta na gCoistí Speisialta a bhunú<br>- Glacadh |

1. An 13 Lúnasa 2020, chuir an Coimisiún faoi bhráid na Comhairle togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gCoiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil agus Rialacha Nós Imeachta na gCoistí Speisialta a bhunú.

2. Phléigh comhaltaí Mheitheal ACC an togra thuasluaite an 6 agus an 13 Deireadh Fómhair 2020 agus tháinig siad ar chomhaontú maidir le téacs an dréachtchinnidh ón gComhairle.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá réir sin, a mholadh go ndéanfadh an Chomhairle an méid seo a leanas, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo:

– an Cinneadh ón gComhairle a ghlacadh maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an gCoiste um Thrádáil arna bhunú faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Eatramhach idir an Comhphobal Eorpach, de pháirt, agus Stáit an Aigéin Chiúin, den pháirt eile, a mhéid a bhaineann le Rialacha Nós Imeachta an Choiste um Thrádáil agus Rialacha Nós Imeachta na gCoistí Speisialta a bhunú, mar a leagtar amach in 11958/20 agus 11960/20 é, tar éis bailchríoch a bheith curtha air ag na saineolaithe dlí agus teanga;

– a iarraidh go bhfoilseofaí an Cinneadh ón gComhairle san *Iris Oifigiúil*;

– a iarraidh go ndéanfaí an cinneadh ó Choiste Trádála IPA, ach a nglacfar é, a fhoilsiú san *Iris Oifigiúil*;

– Parlaimint na hEorpa a chur ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh ón gComhairle.